2024/3126

16.12.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3126 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9 Nollaig 2024**

**lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013 ón gCoimisiún ([2]), táirge atá comhdhéanta as 25 cheirtín déanta as fabraicí neamhfhite ag a bhfuil méid thart ar 15 cm × 20 cm in aghaidh an cheirtín, atá tuilithe le huisce, ola soighe, ola crainn almóinní (*Prunus dulcis*), alcól céitile, guma xantáin, cumhrán, citróinilíól, geréiniól, glicrín, eitiléindé-aimínteatraicéatáit teatrasóidiam agus cócó-amfaidhé-aicéatáit déshóidiam, as measc comhábhair eile, a úsáidtear chun smideadh a bhaint, chun craiceann normálta agus comhchineálach a thónáil agus a íonú, a chuirtear ar fáil i mála plaisteach atá cóirithe lena mhiondíol, aicmíodh é faoi chód 3304 99 00 den Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([3]), mar 'ullmhóidí cúraim craicinn (seachas íoca leighis)'. Ós rud é gur measadh nach dtugann an dromchlaghníomhaí (cócó-amfaidhé-aicéatáit déshóidiam) atá sa táirge a bhuntréith dó mar nach bhfuil ach feidhm eiblitheora aige, eisíodh aicmiú faoi cheannteideal 3401. Eisíodh aicmiú faoi cheannteideal 3307 freisin mar gur measadh nach raibh Nóta 4 a ghabhann le Caibidil 33 den Aicmíocht Chomhcheangailte infheidhme mar go n-úsáidtear an táirge chun smideadh a bhaint, agus chun an craiceann a thónáil agus a íonú, agus dá bhrí sin is é bunthréith an táirge cúram craicinn. Dá bhrí sin, trí rialacha ginearálta 1, 3(b) agus 6 a chur i bhfeidhm maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, aicmíodh an táirge faoi cheannteideal 3304 mar ullmhóid cúraim craicinn.

(2) Le linn an 73ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim i mí an Mhárta 2024,formheasadh tuairim 3307.90/4 maidir le haicmiú lena n-aicmítear ceirtíní aghaidhe atá pacáistithe lena miondíol, ina bhfuil 60 leathán chearnógacha d'fhabraicí neamhfhite (10 cm x 12 cm), atá tuilithe le huisce, gníomhaithe maothaithe (gliocól déphróipiléine (DPG), hialúrónáit sóidiam, ola hahóba) agus dromchlaghníomhaithe orgánacha mar eiblitheoir (glicrídí capraileacha/capracha PEG-6 agus polasorbáit 20), beartaithe lena n-úsáid chun aire a thabhairt don chraiceann aghaidhe amhail smideadh a bhaint, an craiceann a ghlanadh, a thónáil, faoiseamh a thabhairt dó agus é a hiodráitiú/a mhaothú in aon chéim amháin. Aicmíodh an táirge i gceannteideal CC 3307 mar gur measadh go bhfuil feidhm ag Nóta 4 a ghabhann le Caibidil 33 de CC, ina sonraítear go bhfuil feidhm ag an nath 'ullmhóidí cumhradóireachta, cosmaideacha nó maisíochta' i gceannteideal 3307, *inter alia*, maidir le fabraicí neamhfhite atá tuilithe, brataithe nó cumhdaithe le cumhráin nó cosmaidí, infheidhme maidir le haicmiú an táirge. Dá bhrí sin, aicmíodh an táirge faoi fho-cheannteideal CC 3307 90, a chomhfhreagraíonn do chód AC 3307 90 00, trí rialacha ginearálta 1 (Nóta 2 a ghabhann le Roinn VI agus Nóta 4 a ghabhann le Caibidil 33) agus 6 a chur i bhfeidhm.

(3) I bhfianaise na saintréithe de chuid an táirge atá an-chosúil leis an táirge a dtugtar tuairisc air i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013, níl aicmiú taraife an táirge, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, i gcomhréir le tuairim 3307.90/4 maidir le haicmiú.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013 ón gCoimisiún an 22 Aibreán 2013 maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte (IO L 117, 27.4.2013, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/385/oj).
([3]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

(4) De bhua Chinneadh 87/369/CEE ón gComhairle ([4]), is páirtí conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí. Is ionstraimí treorach le haghaidh bhearta taraife an Aontais iad tuairimí maidir le haicmiú arna bhformheas ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe.

(5) D'fhonn aonfhoirmeacht a áirithiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ós rud é go bhfuil tuairim 3307.90/4 maidir le haicmiú i gcomhréir leis an bhfoclaíocht atá i Nóta 4 a ghabhann le Caibidil 33 den Ainmníocht Chomhcheangailte, ceannteideal CC 3307 agus fo-cheannteideal CC 3307 90, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013 a aisghairm.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 385/2013.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Nollaig 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Gerassimos THOMAS
*An tArd-Stiúrthóir*
*Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim*

---

([4]) Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1987/369/oj).